Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Pobalscoil Chorca Dhuibhne

28 Iúil 2020

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil gach duine agaibh go maith agus go bhfuil sibh ag baint taitnimh as an samhradh.

Mar is eol daoibh, foilsíodh an treochlár chun filleadh go hiomlán ar scoil inné. Táimid tosnaithe ag obair ar na socruithe inniu agus táimid ag súil go mór le scoil a bheith ar ais go slán sábháilte ag deireadh mhí Lúnasa. Tá go leor le déanamh idir an dá linn agus mar is gnách, beidh orainn feidhmiú mar phobal scoile ag tacú agus ag comhoibriú lena chéile chun a chinntiú go mbainfear an sprioc sin amach.
Beimid ag roinnt eolais libh go rialta ó thaobh na socruithe a bheidh á gcur i bhfeidhm againn. Beidh cúpla cruinniú Zoom eagraithe againn roimh an athoscailt chun gach duine a chur ar an eolas agus a chinntiú go bhfuil gach duine soiléir agus compordach leis na socruithe a bheidh i bhfeidhm againn.

Idir an dá linn, tugaíg aire agus beimid i dteagmháil.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

*A chairde,*

*I hope you are all keeping well and are enjoying the summer.*

*As you know the roadmap for the full return to school was published yesterday. We have started working on the arrangements today and we are all really looking forward to returning safely to school at the end of August. There is plenty to do in the meantime and as normal we will need to work together as a school community through co-operation and support to ensure we achieve this goal.*
*We will be keeping you updated regularly on the arrangements that we will be implementing. We will organise Zoom meetings to ensure everyone is fully informed and comfortable with the new arrangements.*

*Take care in the meantime and we will be in touch.*

*Le buíochas,*

*Éamonn Mac Muiris*